



An Bhruiséil, 28 Samhain 2019
(OR. en)

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2018/0063(COD)
2015/0270(COD)
2016/0360(COD)
2016/0361(COD)
2016/0362(COD)
2016/0364(COD)
2018/0060(COD)

14355/1/19
REV 1

EF 342
ECOFIN 1061
CCG 28
DRS 64
CODEC 1657
JAI 1227
JUSTCIV 224
COMPET 760
EMPL 577
SOC 763
IA 206

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	An t-Aontas Baincéireachta a neartú - Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

1. Sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir leis an Aontas Baincéireachta, a leagtar amach in 14354/19 REV1, cumhdaítear na forbairtí is déanaí maidir le bearta a leagtar amach i dTreochlár mhí an Mheithimh 2016 maidir leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Tá an tuairisciú sin i gcomhréir leis an sainordú ó Mheitheal *Ad Hoc* na Comhairle um Neartú an Aontais Baincéireachta (an Mheitheal *Ad Hoc*) (5006/16). Cuirtear i láthair, sa tuarascáil, tuairimí na hUachtaránachta maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le bearta chun an t-aontas baincéireachta a neartú le linn an dara seimeastar de 2019.

2. Tháinig an Mheitheal *Ad Hoc* le chéile uair amháin i rith an dara seimeastar de 2019 chun plé a dhéanamh ar an gcleachtadh nua bailithe sonraí le haghaidh ranníocaíochtaí rioscabhunaithe do Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT) agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme gnéithe réitigh de na leasuithe is déanaí sa rialáil baincéireachta (ar a dtugtar an Pacáiste Baincéireachta). Rinneadh plé, sa Mheitheal Ardleibhéil ag tuairisciú don Ghrúpa Euro san fhormáid chuimsitheach, ar threochlár chun tús a chur le caibidlíocht pholaitiúil maidir le SEÁT.

II. CONCLÚID

3. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach in 14354/1/19 REV1 é, a thabhairt dá haire.
